Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11490/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0178 (NLE)**

**ENV 902**
**PECHE 281**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 2 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 333 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i ndáil le hábhair a thagann faoina inniúlacht, ag na chéad trí chruinniú eile den Choimisiún Idirnáisiúnta um Sheilg Míolta Móra, lena n-áirítear cruinnithe idirsheisiúnacha gaolmhara |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 333 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 333 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 2.7.2026
COM(2026) 333 final

2026/0178 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i ndáil le hábhair a thagann faoina inniúlacht, ag na chéad trí chruinniú eile den Choimisiún Idirnáisiúnta um Sheilg Míolta Móra, lena n-áirítear cruinnithe idirsheisiúnacha gaolmhara**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna chéad trí chruinniú eile den Choimisiún Idirnáisiúnta um Sheilg Míolta Móra (IWC) faoin gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Sheilg Míolta Móra (ICRW)[1], in 2026, 2028 agus 2030, lena n-áirítear cruinnithe agus gníomhaíochtaí idirsheisiúnacha i ndáil le glacadh beartaithe (1) leasuithe ar an Sceideal a ghabhann le ICRW agus (2) rúin agus cinntí IWC.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Sheilg Míolta Móra (ICRW)

Is é is aidhm don Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Sheilg Míolta Móra (ICRW) ('an Comhaontú') caomhnú agus bainistiú inbhuanaithe míolta móra araon a áirithiú ar an leibhéal domhanda. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 10 Nollaig 1948.

Áirítear le ICRW 'Sceideal' atá ceangailteach ó thaobh dlí[2], lena n-ainmnítear speicis faoi chosaint agus speicis gan chosaint, uiscí oscailte agus dúnta (lena n-áirítear limistéir tearmainn), agus lena socraítear teorainneacha gabhála le haghaidh seilg thráchtála agus leorchothaitheach míolta móra. Rialaítear seilg taighde eolaíoch míolta móra le ICRW freisin. Sa chomhthéacs sin, ceanglaítear leis an Sceideal ar Rialtais Chonarthacha tograí le haghaidh cead eolaíoch a chur isteach lena ngrinnscrúdú ag an gCoiste Eolaíoch sula n-eiseofar iad. Tíortha aonair a eisíonn na ceadanna.

I gcomhthéacs ICRW agus ar fud an togra seo, tuigfear go dtagraíonn aon tagairt do 'míolta móra' do na speicis a liostaítear i gCuid I den Sceideal a ghabhann le ICRW (gach míol mór bailíneach móide an chaisealóid[3]). Is lasmuigh de shainchúram an Sceidil a thagann gach míol mór fiaclach eile, lena n-áirítear deilfeanna, muca mara agus míolta móra fiaclacha amhail píolótaigh fhadeiteacha agus ghearreiteacha.

Os a choinne sin, úsáidtear 'céiticigh' sa togra seo d'aon ghnó chun an t-ord iomlán *Cetacea*[4] a agairt, lena n-áirítear céiticigh bheaga (deilfeanna, muca mara agus míolta móra fiaclacha eile), chun ailíniú le raon feidhme cosanta níos leithne dhlí an Aontais agus chun a léiriú go dtugann fochomhlachtaí, cistí agus tionscnaimh eile IWC aghaidh ar shaincheisteanna caomhnaithe agus bainistíochta a bhaineann leis na céiticigh uile.

Thairis sin, tá úsáid an téarma 'seilg míolta móra' ar fud an togra seo á treorú ag dlí an Aontais, go háirithe an Treoir maidir le Gnáthóga[5], sa mhéid go gcuimsítear leis cur isteach, gabháil nó marú céiticeach d'aon ghnó.

---

1 https://archive.iwc.int/?r=3607.

2 https://archive.iwc.int/?r=3606.

3 Is míol mór fiaclach í an chaisealóid. Is míolta móra fiaclacha eile iad míolta móra socacha Baird, míolta móra bolgshrónacha, cránacha dubha agus píolótaigh. Féach an Sceideal a ghabhann le ICRW, Cuid I. 'Léirmhíniú'.

4 Cuimsíonn an t-ord *Cetacea* na míolta móra, na deilfeanna agus na muca mara uile, agus tá sé roinnte sa dá fho-ord a luadh roimhe seo: míolta móra bailíneacha agus fiaclacha. I dteannta a chéile, cuimsíonn na fo-oird sin 90+ speiceas atá ar marthain agus atá le fáil in aigéin ar fud an domhain.

5 IO L 206, 22.7.1992, lch. 7.

Tá ballraíocht ICRW teoranta do rialtais amháin agus, dá bhrí sin, níl ach stádas breathnóra ag an Aontas Eorpach (AE)[6]. Faoi láthair, tá 24 Bhallstát den Aontas ina bpáirtithe sa Chomhaontú[7].

### 2.2. An Coimisiún Idirnáisiúnta um Sheilg Míolta Móra (IWC)

Is é IWC an comhlacht a rialaíonn cur chun feidhme ICRW, agus tagann sé le chéile gach 2 bhliain. De bhun Airteagal III(1) ICRW, is éard atá in IWC ball amháin ó gach Rialtas Conarthach, agus beidh vóta amháin ag gach ball. Feidhmíonn IWC a fhreagrachtaí bunúsacha maidir le bainistiú agus caomhnú inbhuanaithe araon trí leasuithe a dhéanamh ar an Sceideal a ghabhann le ICRW mar fhreagairt ar iarrataí ó Rialtais Chonarthacha. Ní mór leasuithe a ghlacadh trí thromlach trí cheathrú de bhaill vótála IWC (Airteagal III(2) i gcomhar le hAirteagal V ICRW). De bhun Airteagal III(2) ICRW, glactar cinntí eile de IWC trí thromlach simplí de bhaill IWC a chaitheann vóta.

### 2.3. An gníomh ó IWC atá beartaithe

Baineann an Cinneadh ón gComhairle atá beartaithe leis na catagóirí gníomhartha seo a leanas atá le glacadh ag IWC ag na chéad trí chruinniú dhébhliantúla eile (atá le bheith ar siúl in 2026, 2028 agus 2030) agus ag cruinnithe idirsheisiúnacha gaolmhara (‘na gníomhartha atá beartaithe’):

1. **Leasuithe ar an Sceideal a ghabhann le ICRW**, atá ceangailteach ó thaobh dlí ar na Rialtais Chonarthacha laistigh de 90 lá tar éis do Rúnaíocht IWC fógra a thabhairt[8], amhail an moratóir tráchtála ar sheilg míolta móra a choinneáil ar bun nó síneadh a chur leis, tearmainn míolta móra a chruthú nó a mhodhnú, agus forálacha a shocrú maidir le seilg leorchothaitheach bhundúchasach míolta móra;
2. **Rúin, moltaí agus cinntí IWC**, mar shampla maidir le bearta caomhnaithe agus leasa a ghlacadh le haghaidh comhlíonadh céiticeach, forfheidhmiú agus cur chun feidhme fhorálacha an Sceidil, creidiúnú breathnóra, rannpháirtíocht na sochaí sibhialta agus athchóirithe rialachais.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

### 3.1. Ábhar an tseasaimh atá beartaithe atá le glacadh thar ceann an Aontais agus na cúiseanna leis

#### *3.1.1. Seilg thráchtála míolta móra, seilg chósta míolta móra de chineál beag agus critéir le haghaidh ceadanna eolaíocha*

Rialaíonn IWC seilg thráchtála míolta móra. Chinn sé in 1982 gur cheart moratóir a chur ar

---

6 Chun leasú a dhéanamh ar ICRW lena gceadófaí don Aontas a bheith ina bhall, bheadh ar gach Rialtas Conarthach IWC prótacal a dhaingniú. In 1992, ghlac an Coimisiún togra chun aontachas an Aontais leis an gCoinbhinsiún a chaibidliú, ach níl aon obair leantach déanta ag an gComhairle ina leith (dréacht-Chinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear don Choimisiún prótacal a chaibidliú, thar ceann an Chomhphobail, lena leasaítear an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Sheilg Míolta Móra, Washington, an 2 Nollaig 1946, COM (92) 316).

7 An Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn agus an tSualainn.

8 Airteagal I(1) i gcomhar le V(3) de ICRW.

sheilg thráchtála míolta móra ar gach speiceas agus pobal míolta móra ó 1986[9].

Ba cheart don Aontas tacú le coinneáil ar bun agus cur chun feidhme iomlán an mhoratóra ar sheilg thráchtála míolta móra. Le beagnach 40 bliain anuas, bhí ról ríthábhachtach ag an moratóir maidir le pobail míolta móra a chosaint. Tá cosaint chriticiúil curtha ar fáil aige do mhíolta móra, rud a chuidíonn le roinnt pobal téarnamh a dhéanamh. Tá pobail eile fós ídithe go criticiúil mar thoradh ar réimse méadaitheach bagairtí nach mbaineann le seilg míolta móra, lena n-áirítear dul i bhfostú i dtrealamh iascaireachta, tuairteáil in aghaidh loinge, truailliú (amhail torann faoi uisce agus plaistigh), agus díghrádú gnáthóg. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach na pobail sin a chosaint ar bhrú breise na seilge tráchtála amach anseo freisin chun go mbeidh siad in ann téarnamh a dhéanamh.

Ina theannta sin, ba cheart don Aontas a áitiú go docht go bhfuil Nós Imeachta Bainistíochta Athbhreithnithe (RMP) IWC, mar a mhol Coiste Eolaíoch IWC, ríthábhachtach chun teorainneacha iomarcacha gabhála a chosc. Cé go maíonn an Íoslainn, an Iorua agus an tSeapáin, a shocraigh a dteorainneacha gabhála go neamhspleách, go bhfuil a modhanna chun meastachán a dhéanamh ar theorainneacha gabhála inbhuanaithe maidir le seilg míolta móra ailínithe leis na modhanna a d’fhorbair IWC, ba cheart a thabhairt faoi deara nár socraíodh ná nár formhuiníodh aon cheann dá dteorainneacha gabhála trí RMP IWC, atá níos réamhchúramaí[10].

Le huirlisí éifeachtacha náisiúnta, ba cheart a áirithiú go mbeidh comhlíonadh san fhíorshaol ina thoradh ar oibleagáidí moratóra. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas tacú le glacadh beart comhlíontachta comhlántach ag Páirtithe Conarthacha agus an glacadh sin a chur chun cinn, lena n-áirítear:

– Rialuithe arna ndéanamh ag Stát an Chalafoirt: Cead isteach, tabhairt i dtír, buncaeireacht nó seirbhísí eile a dhiúltú d’aon soitheach atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí seilge tráchtála míolta móra nach bhfuil formhuiniú IWC acu.

– Toirmisc Náisiúnta: Forálacha dlíthiúla náisiúnta lena gcuirtear cosc ar oibreoirí atá faoi dhlínse na mBallstát páirt a ghlacadh i seilg thráchtála míolta móra, tacú léi nó í a mhaoiniú, rud atá contrártha leis an moratóir.

Is minic a chuireann an dream atá ar son sheilg míolta móra i dtábhacht gur chuir an moratóir ar sheilg thráchtála míolta móra cruatan míchuí ar phobail chósta áitiúla áirithe a bhíonn ag brath ar sheilg míolta móra chun críoch bia agus cultúrtha. Bhí an argóint sin mar bhonn taca le hiarrachtaí na Seapáine roimhe seo a chur ina luí ar IWC seilg chósta míolta móra de chineál beag a aithint[11], rud a cheadódh go héifeachtach deireadh páirteach a chur leis an moratóir. Tá nasc ann idir sin agus tograí lena gceaptar seilg míolta móra mar rud atá fíor-riachtanach don tslándáil bia agus cothaithe, agus lena moltar do IWC míolta móra a aithint mar fhoinse inmharthana bia.

---

9 Féach an Sceideal a ghabhann le ICRW, mír 10(d) (lena mbunaítear moratóir ar mhíolta móra, cé is moite de dhroimeitigh bheaga, a thógáil, a mharú nó a chóireáil ag longa monarchan nó ag gabhálaithe míolta móra atá ceangailte de longa monarchan) agus mír 10(e) (lena leagtar síos teorainneacha gabhála nialasacha le haghaidh na stoc uile le haghaidh shéasúr peiligeach 1986 agus le haghaidh shéasúr cósta 1986 agus ina dhiaidh sin).

10 Mar shampla, i mí Feabhra 2025, thug Biúró IWC dá aire nach n-aontaíonn Coiste Eolaíoch IWC leis na dearbhuithe faoi seach a rinne an tSeapáin. Tuarascáil Cruinnithe ó Chruinniú Bhiúró IWC, an 6 Feabhra 2025, https://archive.iwc.int/?r=22535.

11 Is cineál seilge míolta móra í seilg chósta míolta móra de chineál beag arb é is príomhthréith dó úsáid a bhaint as báid bheaga, seilg míolta móra (droimeitigh bheaga agus míolta beaga eile) ar thurais lae in uiscí náisiúnta chun críoch tráchtála.

Ba cheart don Aontas tacú leis an tuairim nach gcuireann bearta caomhnaithe, lena n-áirítear an moratóir, slándáil bia i mbaol, ach ina ionad sin go n-áirithítear inbhuanaitheacht fhadtéarmach na n-éiceachóras muirí leo. Thairis sin, tá aghaidh á tabhairt cheana féin ag Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe aghaidh ar shaincheisteanna slándála bia, agus dá n-aithneofaí míolta móra mar fhoinse bia laistigh de IWC, d'athrófaí sainordú na heagraíochta go mór. Tá sé ríthábhachtach go ndíreoidh IWC i gcónaí ar phobail míolta móra a bhainistiú ar bhealach a thacaíonn le sláinte agus inbhuanaitheacht éiceachóras, seachas tacú le seilg thráchtála míolta móra faoi scáth na slándála bia.

Sa chomhthéacs sin, ba cheart don Aontas cur i gcoinne tograí lena dtugtar isteach catagóirí nua seilge míolta móra agus tacú le cinneadh na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta ina breithiúnas an 31 Márta 2014 maidir le Míolta Móra san Antartach[12] go roinntear seilg míolta móra ina trí chatagóir sa Chomhaontú: seilg thráchtála míolta móra agus seilg leorchothaitheach bhundúchasach míolta móra (a gcumhdaítear iad araon leis an Sceideal) agus seilg míolta móra faoi chead speisialta faoi Airteagal VIII. Cuirfidh sé sin cosc ar lúba ar lár sa toirmeasc ar sheilg thráchtála míolta móra.

Maidir le seilg míolta móra faoi chead speisialta, nó seilg eolaíoch míolta móra, ba cheart don Aontas leanúint de bheith daingean nach féidir Airteagal VIII, lena gceadaítear seilg míolta móra faoi chead speisialta, a úsáid chun údar a thabhairt le seilg ar seilg thráchtála míolta móra í go príomha. Tagann mí-úsáid an Airteagail salach ar mheon an mhoratóra agus ar thoil IWC mar a chuirtear in iúl i rúin éagsúla.

Chun go measfaidh an tAontas go bhfuil tograí maidir le seilg míolta móra faoi chead speisialta dlisteanach faoi Airteagal VIII, ní mór dóibh na breithnithe atá leagtha amach ag an gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta a chomhlíonadh. Fágann sé sin go gcomhlíonfar go docht Rún 2014-5 maidir le Seilg Míolta Móra faoi Chead Speisialta[13], lena gceanglaítear nach mór dhá choinníoll charnacha a chomhlíonadh chun cead speisialta a eisiúint: is 'taighde eolaíoch' í an tsampláil mharfach agus níl sí ach 'chun críocha' an taighde sin.

Go praiticiúil, fágann sé sin go bhfuil an Coiste Eolaíoch sásta gur fíor an méid seo a leanas maidir le haon Pháirtí Conarthach ar mian leis ceadanna speisialta a eisiúint: (i) léirigh sé go bhfuil údar le haschur measta an tionscadail mar thaighde eolaíoch; (ii) rinne sé breithniú cúramach ar cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh úsáid samplála neamh-mharfaí an cuspóir taighde a chomhlíonadh; (iii) tháinig sé ar an gconclúid nach bhfuil sé sin indéanta; agus (iv) léirigh sé go mbaineann méideanna na samplaí atá beartaithe go docht leis an riachtanas eolaíoch agus nach bhfuil siad níos mó ná mar atá réasúnta don chuspóir eolaíoch.

Níor lorg aon cheann de na trí Stát atá faoi cheangal an Bhreithiúnais maidir le Seilg Míolta Móra san Antartach (an Astráil, an tSeapáin, an Nua-Shéalainn) athbhreithniú ná léirmhíniú riamh ar chinneadh na Cúirte maidir le hinniúlacht IWC. Is ionann a dtost agus comhaontú intuigthe go bhféadfaidh IWC seilg speisialta míolta móra a phlé agus a rialáil go dlisteanach. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas leanúint de chineálacha cur chuige a mholadh lena ráthófar, sula n-eiseofar é, go ndéanfaidh Coiste Eolaíoch IWC agus IWC féin aon chead speisialta a mheas agus go gcomhlíonfaidh sé a moltaí.

### *3.1.2. Caomhnú agus leas ainmhithe*

In 2003, cruthaíodh Coiste Caomhnúcháin faoin gComhaontú, a chomhoibríonn go dlúth leis

---

[12] Seilg míolta móra san Antartach (an Astráil v an tSeapáin: Idiragairt na Nua-Shéalainne), Breithiúnas, I.C.J. Tuarascálacha 2014, míreanna 229-230, https://www.icj-cij.org/sites/default/files/case-related/148/148-20140331-JUD-01-00-EN.pdf.

[13] https://archive.iwc.int/pages/download.php?ref=3723&ext=pdf&alternative=2971&noattach=true&k=.

an gCoiste Eolaíoch chun aghaidh a thabhairt ar réimse bagairtí ar mhíolta móra agus ar a ngnáthóga. In 2016, glacadh Plean Straitéiseach (2016-2026)[14], a raibh plean oibre ag gabháil leis[15], lena sainaithnítear bagairtí tosaíochta ar chéiticigh (tuairteáil in aghaidh loinge, bruscar muirí, foghabháil, fuaim antrapaigineach, truailliú ceimiceach agus athrú aeráide) agus gníomhaíochtaí tosaíochta (breathnú inbhuanaithe míolta móra, pleananna bainistíochta caomhnaithe, tearmainn, bailiú sonraí agus tuairisciú).

Mar chuid dá thiomantas láidir beartais don chaomhnú, ba cheart don Aontas leanúint de thacaíocht a thabhairt do gach togra maidir le tearmann míolta móra[16]. Chun go nglacfar na tograí sin, is gá leasú a dhéanamh ar an Sceideal trí thromlach trí cheathrú de na vótaí atá le glacadh. Chun an tromlach sin a bhaint amach, beidh gá le plé gníomhach ullmhúcháin leis an bpríomhdhream atá ar son seilg míolta móra, i.e. sealbhóirí agóide agus forchoimeádais agus comhghuaillíocht níos leithne na Stát arna slógadh ag togróirí míolta móra, a vótálann go minic i gcoinne leasuithe den sórt sin.

Ba cheart don Aontas tuilleadh trédhearcachta a spreagadh i ndáil leis na tograí maidir le tearmainn. Tá na forálacha sa Sceideal a bhaineann le tearmainn faoi láthair faoi Roinn III den Sceideal dar teideal ‘gabháil’. Ba cheart don Aontas IWC a spreagadh chun na forálacha sin a chur i roinn ar leith laistigh den Sceideal.

Ina theannta sin, ba cheart tacú le tograí IWC atá ceaptha chun leas míolta móra a fheabhsú. Féadfar a áireamh leis an obair ar leas ainmhithe dul i bhfostú, tuairteáil in aghaidh loinge, sáinn mhór, breathnú míolta móra, truailliú torainn, feabhas a chur ar mhodhanna maraithe agus eotanáise, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin.

Tá imní ar IWC freisin maidir le saincheisteanna a bhaineann le galar i gcéiticigh, go háirithe iad siúd a d’fhéadfadh a bheith bainteach le gníomhaíochtaí an duine agus iad siúd atá in ann galar a leathadh idir ainmhithe agus daoine. D’fhéadfadh galair den sórt sin a bheith ina riosca do phobail bhundúchasacha a bhíonn ag gabháil do sheilg leorchothaitheach agus táirgí míolta móra á n-ithe acu a dhíorthaítear ó fhiacha neamhthráchtála. Ba cheart don Aontas tacú le díospóireachtaí ar an ábhar sin más ar bhonn na heolaíochta iad agus má chuireann breithniú IWC ar an tsaincheist luach le hobair fóram eile.

### *3.1.3. Seilg leorchothaitheach bhundúchasach míolta móra*

Tá seilg leorchothaitheach bhundúchasach míolta móra ina comhpháirt chriticiúil de chreat rialála IWC ó bunaíodh é faoin gComhaontú. Níl seilg leorchothaitheach bhundúchasach míolta móra faoi réir an mhoratóra toisc nach seilg thráchtála míolta móra í. I rith an ama, caitheann IWC le seilg leorchothaitheach ar bhealach níos boige ná seilg thráchtála míolta móra, rud a chuireann ar chumas na bPobal Dúchasach leanúint de mhíolta móra a ghabháil chun críoch cultúrtha agus cothaitheach, fiú le linn tréimhsí ina raibh srian nó toirmeasc ar sheilg thráchtála míolta móra.

Chun cur chuige níos comhsheasmhaí, níos fadtéarmaí agus lena mbaineann ualach níos lú a shaothrú, ghlac IWC modheolaíocht nua le haghaidh cuótaí seilge leorchothaithí bundúchasaí míolta móra in 2018. Chinn sé teorainneacha gabhála a shocrú ar feadh tréimhse 7 mbliana le hathnuachan uathoibríoch gach 6 bliana, ar choinníoll go gcomhlíontar

[14] https://archive.iwc.int/?r=22234

[15] https://archive.iwc.int/pages/view.php?ref=19861&k=

[16] Tá dhá thearmann ainmnithe faoi láthair ag IWC – Tearmann an Aigéin Indiaigh agus Tearmann an Aigéin Theas, agus cuireann an dá cheann acu toirmeasc ar sheilg thráchtála míolta móra. Cuireadh togra breise le haghaidh tearmainn san Aigéan Atlantach Theas faoi bhráid IWC arís agus arís eile le blianta beaga anuas ach go dtí seo níl tromlach trí cheathrú na vótaí is gá bainte amach aige.

coinníollacha áirithe. Áirítear ar na coinníollacha sin an méid a leanas: (i) comhairle ón gCoiste Eolaíoch nach ndéanfaidh na teorainneacha gabhála atá beartaithe díobháil do na stoic míolta móra; (ii) deimhniú nach n-iarrtar aon athrú de réir riachtanas; agus (iii) gur chomhlíon an tír ábhartha seilge leorchothaithí bundúchasaí míolta móra amlíne fhormheasta agus ceanglais faisnéise. Má chomhlíontar na coinníollacha sin, déanfar na cuótaí a athnuachan go huathoibríoch gan gá le tuilleadh caibidlíochta[17].

I ndáil le cearta na bPobal Dúchasach, tá urraim do chearta an duine curtha chun cinn ag an Aontas ar fud an domhain le fada agus tá raon leathan beartas aige atá ábhartha do na Pobail Dhúchasacha[18]. Ghlac an tAontas páirt ghníomhach i bpléití IWC maidir le seilg leorchothaitheach bhundúchasach míolta móra, ina molann sé cur chuige bunaithe ar chearta an duine maidir le gníomhaíochtaí seilge míolta móra na bPobal Dúchasach, ina dtacaíonn sé feabhsuithe ar an bpróiseas chun teorainneacha gabhála seilge leorchothaithí bundúchasaí míolta móra a leagan síos agus le bearta chun rannpháirtíocht na bPobal Dúchasach i bpróiseas cinnteoireachta IWC a neartú. Tá sé curtha in iúl ag an Aontas freisin go dtacaíonn sé leis na hathruithe atá beartaithe ar théarmaíocht IWC, lena n-áirítear 'Pobail Dhúchasacha' a chur in ionad an téarma 'bundúchasaigh'.

Cé go gcuireann an tAontas cearta an duine chun cinn, lena n-áirítear cearta na bPobal Dúchasach, aithníonn sé freisin nach cearta iomlána iad na cearta sin agus gur féidir iad a bheith faoi réir teorainneacha réasúnta a bhfuil údar cuí leo, go háirithe a mhéid a bhaineann le hábhair imní inbhuanaitheachta. Dá bhrí sin, cuireann an tAontas i dtábhacht freisin nach mór údar soiléir a bheith le haon díolúine seilge leorchothaithí bundúchasaí míolta móra, nach mór í a bheith de chineál neamhthráchtála amháin agus inbhuanaithe ó thaobh na bitheolaíochta de. Tá soláthar faisnéise eolaíche chun tacú le teorainneacha gabhála seilge leorchothaithí bundúchasaí míolta móra ag teacht le dualgas IWC cleachtais inbhuanaithe seilge míolta móra agus bainistiú phobail na míolta móra ar fud an domhain a áirithiú.

I bhfianaise an mhéid sin, ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacú le cur chun feidhme leanúnach chreat bunaithe IWC le haghaidh seilg leorchothaitheach bhundúchasach míolta móra, lena n-áirítear an sásra socraithe cuótaí 7 mbliana agus athnuachana uathoibríche a glacadh in 2018, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha comhaontaithe. Ba cheart don Aontas leanúint de thacaíocht a thabhairt do chur chuige bunaithe ar chearta an duine lena n-aithnítear riachtanais chultúrtha agus chothaitheacha na bPobal Dúchasach, agus a áirithiú an tráth céanna go leanfaidh aon teorainn gabhála seilge leorchothaithí bundúchasaí míolta móra de bheith neamhthráchtála amháin, go mbeidh údar eolaíoch léi agus go mbeidh sí inbhuanaithe ó thaobh na bitheolaíochta de. Ba cheart don Aontas leanúint freisin de thacaíocht a thabhairt do bhearta arb é is aidhm dóibh rannpháirtíocht na bPobal Dúchasach in obair agus i bpróisis chinnteoireachta IWC a neartú, chomh maith le húsáid téarmaíochta iomchuí lena léirítear caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta na bPobal Dúchasach.

---

17 https://iwc.int/management-and-conservation/whaling/aboriginal.

18 Thacaigh an tAontas le glacadh Dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach (UNGA 61/295) ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe in 2007 agus le glacadh Dhoiciméad Toraidh (UNGA 69/2) na Comhdhála Domhanda maidir le Pobail Dhúchasacha a tionóladh mar chuid de Sheisiún Iomlánach Ardleibhéil UNGA in 2014. Leagtar béim sa dá dhoiciméad ar chearta na bPobal Dúchasach maidir leis na hacmhainní a d'úsáid siad go traidisiúnta agus ar an ngá atá ann do Stáit na cearta sin a chosaint agus comhoibriú agus dul i gcomhairle le Pobail Dhúchasacha. An 15 Bealtaine 2017, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh conclúidí (8814/17, 15 Bealtaine 2017) lena n-athdhearbhaítear a tacaíocht do chearta na bPobal Dúchasach agus lena n-aithnítear go bhféadfaí an creat beartais sin a chur i bhfeidhm ar bhealach níos éifeachtaí sa chomhar iltaobhach, is é sin trí dheiseanna idirphlé agus comhairliúcháin a fheabhsú a thuilleadh ar gach leibhéal de chomhar an Aontais.

## 3.2. Comhsheasmhacht le beartais agus tionscnaimh eile de chuid an Aontais

Is síneadh seachtrach é an seasamh atá beartaithe le *acquis* inmheánach comhshaoil an Aontais a bhaineann le céiticigh agus is bealach é chun taidhleoireacht maidir leis na haigéin a neartú. Maidir lena áirithiú go leanfaidh an rialachas idirnáisiúnta de bheith comhsheasmhach le hardchaighdeáin an Aontais maidir le caomhnú céiticeach, tá ábharthacht ar leith ag baint leis an liosta neamh-uileghabhálach ionstraimí rialála seo a leanas:

– Faoin Treoir maidir le Gnáthóga[19]: Is speicis Iarscríbhinn IV iad na céiticigh uile, a chosnaítear ar chur isteach, gabháil nó marú d'aon ghnó in uiscí an Aontais. Áirithítear leis an seasamh atá beartaithe nach mbainfear an bonn den chosaint sin in uiscí idirnáisiúnta ná in uiscí cóngaracha.

– Trí chur i gcoinne seilg thráchtála míolta móra, seasann an tAontas lena thoirmeasc ar thrádáil táirgí céiticeach chun críoch tráchtála faoin Rialachán maidir le Trádáil Fiadhúlra[20] chomh maith leis an gCoinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáine i mBaol (CITES), a bhfuil an tAontas agus a Bhallstáit ina bPáirtithe iontu.

– Cuidíonn obair chaomhantais IWC le spriocanna maidir le stádas maith comhshaoil a bhaint amach don mhuirthimpeallacht, lena n-áirítear básmhaireacht céiticeach agus a leagtar amach faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí[21].

– Leagtar síos leis an Rialachán maidir le hAthchóiriú an Dúlra[22] sprioc atá ceangailteach ó thaobh dlí de chun 20 % ar a laghad de limistéir farraige an Aontais a athchóiriú faoi 2030. Thar aon ní eile, sainordaítear leis athchóiriú gnáthóg le haghaidh speicis mhuirí faoi chosaint, lena n-áirítear céiticigh. Tacaíonn seasamh an Aontais ag IWC go díreach leis na spriocanna sin trí bheith ag moladh deireadh a chur le brúnna seachtracha (amhail torann agus seilg thráchtála) a chuirfeadh bac ar théarnamh na ngnáthóg athchóirithe sin murach sin.

– Aithníonn an tAontas an ról lárnach atá ag céiticigh sa timthriall cothaitheach ('caidéal míolta móra') agus i gceapadh carbóin ina mbithmhais (carbón gorm). Trí na linnte carbóin beo sin a chosaint ar bhrú ó sheilg míolta móra agus ó dhíghrádú an chomhshaoil, rannchuidíonn seasamh an Aontais le cuspóirí an Aontais ar mhaithe le ceapadh carbóin nádúrtha agus, ar an gcaoi sin, lena chuspóirí aeráidneodrachta faoin Dlí Aeráide Eorpach[23].

Ina theannta sin, is fiú na tionscnaimh seo a leanas a thabhairt faoi deara sa chomhthéacs sin:

– Leagtar síos le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030[24] an sprioc 30 % d'fharraigí an Aontais a chosaint go dlíthiúil, agus 10 % d'fharraigí an Aontais a chosaint go docht. Tá tacaíocht do thearmann agus do bhainistiú bunaithe ar éiceachórais ag teacht leis na spriocanna sin.

---

19 IO L 206, 22.7.1992, lch. 7.

20 IO L 61, 3.3.1997, lch. 1.

21 IO L 164, 25.6.2008, lch. 19.

22 IO L, 29.7.2024, lch. 14, 18.

23 IO L 243, 9.7.2021, lch. 3, 5.

24 COM (2020) 380 final, 20.05.2020, lch. 4.

- Tacaíonn an tAontas le hiarrachtaí laistigh de IWC feabhas a chur ar thorthaí leasa na n-oibríochtaí míolta móra, lena n-áirítear trí na modhanna seilge agus maraithe is daonnachtúla atá ar fáil a fhorbairt agus a úsáid, an tréimhse ama go dtí an bás a laghdú agus pian, anacair agus fulaingt inseachanta a íoslaghdú. Tá an cur chuige sin comhsheasmhach le tiomantas níos leithne an Aontais do leas ainmhithe agus le hAirteagal 13 CFAE, lena n-aithnítear gur neacha mothaitheacha iad ainmhithe. Dá réir sin, cuireann an tAontas cur i bhfeidhm na gcaighdeán leasa is airde is féidir chun cinn i gcomhthéacs gníomhaíochtaí seilge míolta móra arna n-údarú faoi chreat IWC.
- Trí sheasamh cobhsaí ilbhliantúil a ghlacadh ag IWC, áirithíonn an tAontas go bhfuil a ghealltanais idirnáisiúnta maidir le céiticigh ailínithe le cur chuige iomlánaíoch an Chomhshocraithe Eorpaigh um an Aigéan[25] agus go bhfuil siad réidh lena gcomhtháthú sa Ghníomh um an Aigéan atá le teacht. Feidhmíonn seasamh an Aontais ag IWC mar dhroichead straitéiseach idir taidhleoireacht idirnáisiúnta maidir leis na haigéin agus bainistiú atá bunaithe ar éiceachórais, lena n-áirithítear go gcaitear le cosaint céiticeach ní hamháin mar shaincheist chaomhantais áitiúil, ach mar chuid chriticiúil de shláinte dhomhanda na n-aigéan, d'athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, agus de rialachas riailbhunaithe an spáis mhuirí chomhchoitinn.
- Ós rud é go bhfuil an tAontas agus a Bhallstáit ina bPáirtithe sa Chomhaontú faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta (Comhaontú BBNJ), tá an tAontas tiomanta don chomhar trasearnála a chothú. Cuireann abhcóideacht an Aontais ar mhaithe le tearmainn míolta móra agus maolú na dtionchar carnach ar chéiticigh laistigh de IWC sásra praiticiúil ar fáil chun creat BBNJ a chur chun feidhme. Áirithítear leis sin go rannchuidíonn IWC leis an líonra domhanda d'uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe agus le cosaint na bithéagsúlachta ar an mórmhuir.
- Ós rud é gur Páirtithe iad an tAontas agus a Bhallstáit sa Choinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine (CSI) freisin, measann an tAontas go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le céiticigh imirceacha a chaomhnú ar fud a raoin. Tá ról lárnach ag IWC maidir le cuspóirí CIS a thabhairt chun cinn trí ghníomhaíocht chomhordaithe idirnáisiúnta a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí ar chéiticigh, lena n-áirítear díghrádú gnáthóige, tionchair charnacha ó ghníomhaíochtaí an duine, agus brúnna eile a dhéanann difear do speicis imirceacha ar fud dlínsí náisiúnta agus limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta.
- Féadfaidh an seasamh atá beartaithe rannchuidiú freisin le hoibleagáidí an Aontais faoi Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal a bhaint amach. Trí chlár oibre atá á treorú ag an gcaomhnú a chur chun cinn, gníomhaíonn an tAontas chun Sprioc 3 (sprioc '30x30') a chomhlíonadh trí thearmann míolta móra a ainmniú agus a bhainistiú go héifeachtach, agus Sprioc 4, lena n-éilítear gníomhaíochtaí bainistíochta práinneacha chun stop a chur le díothú speiceas faoi bhagairt arb iad daoine is cúis leis agus chun a dtéarnamh a chothú. Ós rud é go bhfuil an tAontas agus na Ballstáit araon ina bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, is fóram criticiúil fós é IWC chun na spriocanna domhanda sin a thiontú ina mbearta ar an láthair.

[25] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, An Comhshocrú Eorpach um an Aigéan, COM/2025/281 Final.

### 3.3. Inniúlacht sheachtrach eisiach

Tá inniúlacht an Aontais an seasamh atá beartaithe a ghlacadh eisiach de bhun Airteagal 3(2) CFAE. Faoin bhforáil sin, tá inniúlacht eisiach ag an Aontas comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích – nó gníomhartha a ghlacadh laistigh de chomhlacht arna bhunú le comhaontú den sórt sin – a mhéid a d'fhéadfadh na gníomhartha sin difear a dhéanamh do chomhrialacha nó a raon feidhme a athrú.

De réir chásdlí socair na Cúirte Breithiúnais, tá riosca difir den sórt sin ann i gcás ina dtagann na gealltanais idirnáisiúnta faoi réimse a chumhdaítear den chuid is mó cheana féin le rialacha an Aontais[26]. Is amhlaidh atá i gcás céiticigh a chosaint, ar bhunaigh an tAontas creat dlíthiúil cuimsitheach dian ina leith, mar a léirítear i Roinn 3.2 (féach liosta na n-ionstraimí rialála ábhartha).

Is éard atá i rialacha inmheánacha an Aontais córas comhleanúnach dianchosanta nach bhfágann aon deis ag na Ballstáit caighdeáin de chineál eile a ghlacadh. Ós rud é go rialaíonn gníomhartha IWC, amhail leasuithe ar an Sceideal a ghabhann le ICRW, na gníomhaíochtaí (gabháil, marú agus trádáil) a thoirmisctear le reachtaíocht inmheánach an Aontais, is gá go dtagann aon chinneadh idirnáisiúnta maidir leis na hábhair sin faoi raon feidhme rialacha sin an Aontais, sa chaoi, de réir chásdlí socair na Cúirte, go bhfuil baol ann go ndéanfar difear de réir bhrí Airteagal 3(2) CFAE[27]. Sa chomhthéacs sin, mar a deimhníodh cheana féin leis an gcásdlí socair[28], ní bhaineann sé le hábhar nach bhfuil aon chontrárthacht idir gníomhartha IWC agus dlí an Aontais.

Dá bhrí sin, ós rud é go dtagann ábhar na ngníomhartha atá beartaithe faoi réimse a chumhdaítear den chuid is mó le rialacha comhchoiteanna an Aontais, is é an tAontas amháin atá i dteideal gealltanais den sórt sin a thabhairt, rud a chuireann cosc ar na Ballstáit gníomhú ina n-aonar ar bhealach a d'fhéadfadh raon feidhme nó sláine chóras cosanta an Aontais a athrú.

### 3.4. Riachtanas agus inmhianaitheacht sheasamh an Aontais

Ós rud é go dtagann na gníomhartha atá beartaithe faoi inniúlacht eisiach an Aontais de bhun Airteagal 3(2) CFAE, is gá seasamh ón Aontas a leagan síos maidir leis na hábhair sin.

Ina theannta sin, ós rud é gur speicis mhórimirceacha iad míolta móra agus céiticigh eile, is dúshlán trasteorann ó nádúr é a gcaomhnú nach féidir leis na Ballstáit a bhainistiú ina n-aonar.

Ós rud é nach bhfuil ach stádas breathnóra ag an Aontas in IWC, ní dhéantar a thionchar a uasmhéadú ach amháin nuair a vótálann na 24 Bhallstát atá ina bPáirtithe in ICRW mar bhloc aonair.

De bharr chineál ilbhliantúil na gCinntí ón gComhairle roimhe seo (a glacadh an

[26] Féach, mar shampla, Tuairim 3/15 (*Conradh Marrakech maidir le rochtain ar shaothair fhoilsithe a éascú do dhaoine dalla, do dhaoine lagamhairc nó dóibh siúd atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló ar aon bhealach eile*), EU:C:2017:114, mír 105.

[27] Tuairim 1/13 (*Coinbhinsiún na Háige 1980*) an 14 Deireadh Fómhair 2014, ECLI:EU:C:2014:2303, mír 71 agus an cásdlí a luaitear.

[28] Féach, mar shampla, Tuairim 3/15 (*Conradh Marrakech maidir le rochtain ar shaothair fhoilsithe a éascú do dhaoine dalla, do dhaoine lagamhairc nó dóibh siúd atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló ar aon bhealach eile*), EU:C:2017:114, mír 113.

13 Nollaig 2011[29] agus an 20 Nollaig 2017[30] faoi seach ar bhonn tograí ón gCoimisiún[31]) agus an chur chuige chobhsaí beartais a sholáthair siad, cuireadh ar chumas an Aontais agus a Bhallstáit atá ina bPáirtithe in ICRW a bheith níos réamhghníomhaí i gcúrsaí IWC, freagairt ar ghearrfhógra d'iarrataí ó rialtais nach rialtais den Aontas iad, agus rannchuidiú go comhsheasmhach le torthaí caomhnaithe. Dá bhrí sin, chun an móiminteam agus an intuarthacht sin a chaomhnú, glactar an cur chuige ilseisiúin céanna sa togra seo le haghaidh Cinnidh, lena leagtar amach seasamh comhordaithe an Aontais le haghaidh chruinnithe IWC in 2026, 2028 agus 2030.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

Is comhlacht é IWC a bunaíodh le comhaontú, is é sin ICRW.

Na gníomhartha a iarrtar ar IWC a ghlacadh, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, ar na cúiseanna seo a leanas:

– **Beidh éifeachtaí dlíthiúla ag leasuithe ar an Sceideal a ghabhann le ICRW** do na Ballstáit is páirtithe sa chomhaontú, toisc go bhfuil siad ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal I(1) ICRW, lena bhforáiltear gur dlúthchuid den Choinbhinsiún é an Sceideal, i gcomhar le hAirteagal V(3) ICRW lena rialaítear nós imeachta agus teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Sceideal, mura rud é go dtaisceann Rialtas Conarthach agóid.

– Is gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo iad **rúin, moltaí agus cinntí IWC**. A mhéid a bhaineann le moltaí faoi Airteagal VI den Choinbhinsiún arna nglacadh i bhfoirm rún, tá sé ráite ag an gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta ina breithiúnas an 31 Márta 2014, Seilg Míolta Móra san Antartach (an Astráil v. an tSeapáin; Idiragairt na Nua-Shéalainne) – d'ainneoin nach bhfuil na rúin sin ceangailteach – 'nuair a ghlacfar iad trí chomhthoil nó trí vóta d'aon toil, féadfaidh siad a bheith ábhartha maidir le léirmhíniú an Choinbhinsiúin nó an Sceidil a ghabhann leis' (pointe 46). Gníomh de chomhlacht idirnáisiúnta nach bhfuil ceangailteach ó thaobh dlí lena mbunaítear comhaontú na bpáirtithe ina dhiaidh sin maidir le léirmhíniú rialacha atá ceangailteach ó thaobh dlí i gcomhaontú idirnáisiúnta, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis de réir bhrí Airteagal 218(9) CFAE. De réir Riail J(3) de Rialacha Nós Imeachta IWC, glactar rúin de chomhthoil. I bhfianaise an méid thuas, féadfaidh na rúin a ghlactar ag cruinnithe IWC a chumhdaítear leis an gcinneadh seo a bheith ina ngníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo. Maidir le cinntí, fágann Riail E de Rialacha Nós Imeachta IWC go dtagraíonn an téarma sin do shraith mheasctha gníomhartha, lena n-áirítear na gníomhartha a luaitear i Riail J de na Rialacha Nós Imeachta, a thagraíonn do leasuithe ar na Sceidil a ghabhann le ICRW, moltaí faoi Airteagal VI agus rúin, agus 'cinntí eile'. Dá bhrí sin, tá cinntí IWC ceangailteach go páirteach ó thaobh dlí, agus cumhdaítear cuid eile díobh leis an réasúnaíocht thuas

[29] Cinneadh ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 (ST 17641 2011 COR 1) lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, maidir leis na leasuithe atá beartaithe ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Sheilg Míolta Móra agus an Sceideal a ghabhann leis.

[30] Cinneadh ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 (ST 14970 2017 INIT) maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i ndáil le hábhair a thagann faoina inniúlacht, ag na chéad trí chruinniú eile den Choimisiún Idirnáisiúnta um Sheilg Míolta Móra, lena n-áirítear cruinnithe idirsheisiúnacha gaolmhara.

[31] COM(2011) 495 final, agus COM(2017) 463 final.

maidir le rúin. I bhfianaise an mhéid sin, d'fhéadfadh cinntí a ghlactar ag cruinnithe IWC a chumhdaítear leis an gcinneadh seo a bheith ina ngníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo.

Leis na gníomhartha atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

I gcomhthéacs IWC, baineann príomhchuspóir agus príomhábhar na ngníomhartha atá beartaithe le cosaint an chomhshaoil, go háirithe (i) creat rialála idirnáisiúnta éifeachtach a áirithiú chun míolta móra a chaomhnú agus a bhainistiú; (ii) feabhas mór ar stádas caomhantais míolta móra agus céiticeach eile a ráthú; agus (iii) na hoibríochtaí seilge míolta móra uile a dhéanann baill IWC a thabhairt faoi rialú IWC. Dá bhrí sin, is é Airteagal 192(1) CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

Tá an togra seo le haghaidh an bhunúis dlí shubstaintigh gan dochar d'inniúlacht eisiach an Aontais i réimse chaomhnú acmhainn bhitheolaíoch na mara de bhun fhorálacha Airteagal 3 (1) (d) i gcomhar le hAirteagal 38, 43 agus den Chonradh agus Iarscríbhinn I a ghabhann leis agus, dá bhrí sin, gan dochar do gach acmhainn mhuirí bheo faoin gComhbheartas Iascaigh[32]. Ní chruthófar leis sin fasach d'aon chaibidlíocht amach anseo maidir le caomhnú agus bainistiú acmhainne muirí beo a thagann faoin gComhbheartas Iascaigh.

### 4.3. Conclúid

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 192(1) CFAE i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go bhféadfadh leasuithe ar an Sceideal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a bheith i gceist le gníomhartha IWC, ar leasuithe iad atá ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta, is iomchuí iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a nglactha.

[32] IO L 354 28.12.2013, lch. 22.

2026/0178 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i ndáil le hábhair a thagann faoina inniúlacht, ag na chéad trí chruinniú eile den Choimisiún Idirnáisiúnta um Sheilg Míolta Móra, lena n-áirítear cruinnithe idirsheisiúnacha gaolmhara

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Sheilg Míolta Móra (ICRW) ('an Comhaontú') i bhfeidhm an 10 Nollaig 1948.

(2) De bhun Airteagal III(2) agus Airteagal V ICRW, is féidir leis an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Sheilg Míolta Móra (IWC) cinntí a ghlacadh, lena n-áirítear leasuithe ar an Sceideal a ghabhann le ICRW. Le hAirteagal VI ICRW ceadaítear do IWC moltaí a ghlacadh. Sonraítear ansin le Rialacha E agus J de Rialacha Nós Imeachta IWC go bhfuil IWC in ann rúin agus cinntí eile a ghlacadh freisin.

(3) Meastar go ndéanfaidh IWC, le linn a 70ú, 71ú agus 72ú cruinniú in 2026, 2028, agus 2030, agus le linn aon chruinniú idirsheisiúnach gaolmhar, leasuithe ar an Sceideal a ghabhann le ICRW agus rúin, moltaí agus cinntí éagsúla a chur san áireamh agus féadfaidh sé iad a ghlacadh. D'fhéadfadh baint a bheith ag na gníomhartha sin le seilg thráchtála, eolaíoch agus leorchothaitheach bhundúchasach míolta móra a rialáil, tearmainn míolta móra a bhunú agus a bhainistiú, agus bearta caomhnaithe agus leasa a ghlacadh le haghaidh céiticeach.

(4) Beidh éifeachtaí dlíthiúla ag na gníomhartha atá beartaithe ag IWC, má ghlactar iad, do na Ballstáit atá ina bPáirtithe in ICRW.

(5) Tá creat dlíthiúil inmheánach cuimsitheach leagtha síos ag an Aontas chun gach speiceas céiticeach a chosaint. Ba cheart seasamh an Aontais laistigh de IWC a bheith á threorú ag an gcuspóir mar atá ardleibhéal cosanta a áirithiú do chéiticigh, i gcomhréir le *acquis* inmheánach comhshaoil an Aontais agus lena ghealltanais idirnáisiúnta. Ba cheart don seasamh sin tosaíochtaí straitéiseacha an Chomhshocraithe Eorpaigh um an Aigéan a léiriú, agus aitheantas á thabhairt don ról fíor-riachtanach atá ag pobail shláintiúla céiticeach i gceapadh carbóin nádúrtha, agus na caighdeáin leasa ainmhithe is airde á gcur chun cinn an tráth céanna i gcomhréir le haitheantas a thabhairt d'ainmhithe mar neacha mothaitheacha faoi Airteagal 13 CFAE. Dá bhrí sin, is chun leas an Aontais é cosaintí coibhéiseacha a chur chun cinn ar fud an domhain, lena n-áirítear laistigh de IWC, chun comhsheasmhacht le beartais an Aontais a áirithiú agus chun nach mbainfear an bonn de chaighdeáin an Aontais.

(6) Is gá, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in IWC a leagan síos maidir leis na leasuithe ar an Sceideal a ghabhann le ICRW agus rúin agus cinntí IWC atá beartaithe maidir le seilg thráchtála, eolaíoch agus leorchothaitheach bhundúchasach a rialáil, tearmainn míolta móra a bhunú agus a bhainistiú, agus bearta caomhnaithe agus leasa a ghlacadh le haghaidh céiticeach.

(7) Tá seasamh an Aontais le cur in iúl ag na Ballstáit a ndéantar ionadaíocht dóibh in IWC, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach, chun leas an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 70ú, an 71ú agus an 72ú cruinniú de IWC, lena n-áirítear na cruinnithe idirsheisiúnacha gaolmhara.

*Airteagal 2*

Cuirfidh na Ballstáit a ndéantar ionadaíocht dóibh in IWC an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais.

*Airteagal 3*

Féadfar teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe teicniúla ar an seasamh a leagtar amach san Iarscríbhinn gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*